Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Márta 2025
(OR. ga)

7129/25
ADD 1

LIMITE

POLMAR 9
POLGEN 26
CLIMA 70
COMAR 10
ENER 74
ENV 161
MAR 40
MARE 8
PECHE 65
RELEX 341
TRANS 68
CFSP/PESC 461

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6496/25 |
| Ábhar: | Comhdháil na Náisiún Aontaithe 2025 maidir leis na hAigéin (Nice, an Fhrainc, an 9-13 Meitheamh 2025) agus an Dearbhú toraidh a ghabhann léi -<br>Údarú chun caibidlíocht a oscailt maidir le hionstraim neamhcheangailteach -<br>Ráiteas Prótacail ón nGearmáin, ón bhFrainc, ón Ísiltír, ón bPortaingéil, ón Spáinn agus ón tSualainn |

**Ráiteas Prótacail ón nGearmáin, ón bhFrainc, ón Ísiltír, ón bPortaingéil, ón Spáinn agus ón tSualainn**

Is díol mór sásaimh don Ghearmáin, don Fhrainc, don Ísiltír, don Phortaingéil, don Spáinn agus don tSualainn an rún atá ag an Aontas ionstraim neamhcheangailteach a chaibidil don tríú Comhdháil de chuid na Náisiún Aontaithe maidir leis na hAigéin, a bheidh ar siúl in Nice, an Fhrainc ón 9 go dtí an 13 Meitheamh 2025. Is príomhthosaíocht don Ghearmáin, don Fhrainc, don Ísiltír, don Phortaingéil, don Spáinn agus don tSualainn é cosaint éifeachtach agus úsáid inbhuanaithe na n-aigéan a bhaint amach.

Ag an am céanna, ba mhaith leis an nGearmáin, leis an bhFrainc, leis an Ísiltír, leis an bPortaingéil, leis an Spáinn agus leis an tSualainn a chur in iúl gur faoi inniúlacht na mBallstát a thagann gnéithe áirithe den dearbhú beartaithe, mar shampla ábhair a bhaineann leis an mhianadóireacht domhainfharraige, agus nach mór do na Ballstáit a bheith freagrach as na gnéithe sin i gcónaí.

PUBLIC